



Is cúis bhróid do RTÉ tacú leis na healaíona agus cuirtear fáilte roimh iarratais do scéim RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona ó imeachtaí ar fud na tíre.

Bronntar tacaíocht faoin scéim ar an tuiscint go ndéanfar Téarmaí agus Coinníollacha RTÉ do Ag Tacú leis na hEalaíona a chomhlíonadh **go hiomlán**. Cuirtear treoirínte mionsonraithe maidir leis an mbranda a úsáid ar ár láithreán gréasáin www.rte.ie/aboutsupportingthearts agus iarraidimid ort eolas a chur orthu freisin.

Bí ar an eolas gur coinníollacha éigeantacha na coinníollacha seo agus go bhféadfaí do thairiscint ar thacaíocht bholscaireachta a chiorrú nó go bhféadfaí an tairiscint a chur ar ceal i gcásanna nach mbaintear na coinníollacha amach.

Glac an t-am chun an doiciméad seo a léamh go mion, le do thoil.



*this event
is supported
by*



The arts are very important to us; they weave through all our coverage - on radio, on television, online and on mobile.

And by supporting arts events nationwide, we can do our bit to keep arts at the centre of your community too.

Learn more: www.rte.ie/about/supportingthearts

Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta

1. Maidir le fógraíocht Teilifíse agus Raidió ar an aer, aithníonn RTÉ trí chatagóir ina bhféadfaí leas a bhaint as tacaíocht:
 - Ionaid** – lena n-áirítear amharclanna, dánlanna, ionaid ealaíon, etc; tabhair ar aird go dtugtar tús áite do shraitheanna imeachtaí, séasúir imeachtaí nó taispeántais ar leith.
 - Féilte** – imeachtaí a chur i ngrúpaí, ar feadh dhá lá nó níos mó, i ndáil le téama, láthair nó foirm ealaíne ar leith.
 - Imeachtaí aon uaire** – imeacht maidir le foirm ealaíne ar leith, taibhiú aonair, taibhithe éagsúla san ionad céanna nó mar chuid de chamchuairt.
2. Féachfaidh RTÉ lena chinntiú go bhfuil cothromaíocht i gceist maidir leis an tacaíocht a thugtar i measc na gcatagóirí seo agus ar bhonn réigiúnach.
3. Ní mór gach imeacht dá dtugtar tacaíocht a bheith oscailte don phobail.
4. Ní hionann tacaíocht d'imeacht ar leith ina aon tréimhse amháin agus tacaíocht ar bhonn leanúnach.
5. D'fhéadfadh tacaíocht ó RTÉ a bheith i gceann ar bith de dhá chatagóir: bolscaireacht saor in aisce nó fógraíocht mheaitseála. Cinnfidh an coiste an catagóir tacaíochta atá le bronnadh i ngach cás, cé go n-iarrtar ar iarratasóirí rogha ar bith a chur in iúl ina leith sin.
6. Is coiste, ina bhfuil ionadaí amháin ar a laghad ó gach aon cheann de Theilifís, Raidió agus Cumarsáid, Imeachtaí agus Forbairt Bhranda RTÉ (nó a gcuid ainmnithe), agus ina bhfuil ceathrar ar a laghad i láthair ag suí ar bith, a dhéanfaidh cinneadh maidir leis na leithdháiltí.
7. Tionólfar an coiste gach 6-8 seachtaine, agus cruinnithe ag éirí níos minice le linn tréimhsí ina bhfuil gníomhaíocht níos mó i gceist, ar nós mhíonna an tsamhraidh. Tugtar sceideal de chruinnithe an choiste thíos.
8. Déanfar athbhreithniú ar gach iarratas a fhaightear agus déanfar cinneadh orthu ag an gcruinniú is oiriúnaí do dháta an imeachta. Mar sin féin, déanfar iarratais a bhreithniú **3 seachtaine ar a laghad roimh** thús a chur leis an imeacht, agus amlínte táirgthe agus fógraíochta á gcur san áireamh agus tráth nach luaithe ná 6 mhí roimh dháta an imeachta.
9. Beidh am ar bith nach leithdháiltear – nach mbeifí ag súil lena leithéid ach a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar chealú – ar fáil le linn na tréimhse eatramhaí idir na cruinnithe ráithiúla agus tabharfar tús áite d'iarratasóirí nár éirigh leo a ndéantar iad a choinneáil in ord feabhais agus i dtaisce.

10. Níl RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona ina meicníocht tiomsaithe airgid agus níl sí ar fáil ach d'imeachtaí ealaíonta amháin. I gcás ina bhfuil carthanas ina thairbhí ag imeacht, is don imeacht a dhéanfar aon bholscaireacht a chomhaontaítear. Cuirfear na sonraí cuí ar fáil inti ach ní dhéanfar tagairt don charthanas i gceist.

Comhpháirtithe Eile

11. Déanfar ainmneacha urraitheoirí teidil a lua laistigh de chóip RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona ach ní luafar ainmneacha urraitheoirí ginearálta tráchtála ná ainmneacha comhpháirtithe ginearálta meán.
12. Déanfar gníomhaireacht amháin, más ábhartha, a aithint laistigh den chóip; is é is dóichí gurb í an Chomhairle Ealaíon an gníomhaireacht a bheidh i gceist, agus i gcás ina bhfaigheann imeacht/eagraíocht tacaíocht ón gComhairle Ealaíon;
 - ar an Raidió, ba chóir “Arna mhaoiniú ag an gComhairle Ealaíon” a chur san áireamh sa chóip;
 - ar an Teilifís, ba chóir an tagairt ó bhéal seo a dhéanamh freisin.
13. Mar gheall ar shrianta ama, i gcás ina bhfuil gníomhaireacht eile (e.g. Comhairle Cheardaíochta na hÉireann) ina príomhthacadóir don imeacht/eagraíocht, is í an gníomhaireacht sin a luafar.
14. Beidh an méid thuas ina ghnás; i gcás inar chuir níos mó na gníomhaireacht amháin maoiniú nó tacaíocht ar fáil, b'fhéarr le RTÉ STA, i meon na comhpháirtíochta dearfaí agus cothroime, go dtabharfaí aitheantas don mhaoinitheoir neamh-STA is mó.

Téarmaí agus Coinníollacha maidir le Bolscaireacht Teilifíse agus Raidió RTÉ STA

1. Is tacaíocht bholscaireachta ar an Teilifís nó Raidió nó ar an dá rud, i gcásanna áirithe, a bhfaighidh iarratasóirí a n-éiríonn leo. Tabharfar tacaíocht mheaitseála nó tacaíocht iomlán ar fáil, de réir mar a mhionsonraítear thuas.
2. Oibreoidh foirne um Dhíolacháin Meán le heagraithe imeachtaí chun socruithe a dhéanamh chun réamhfhógraí ar chaighdeán is féidir a chraoladh a chruthú.
3. Beidh an neamónach RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona, nó fráma deiridh bheoite RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona ag dul le gach réamhfhógra.

Do Bholscaireacht Teilifíse

Má tá tacaíocht trí bhíthin réamhfhógra teilifíse faighte agat, tabhair aird ar an bhfaisnéis agus na coinníollacha seo a leanas:

Riachtanais léirithe

1. Ba chóir go gcuirfí do réamhfhógra ar fáil mar Réamhfhógra Teilifíse 20 soicind 16:9 FHA agus ar Chaighdeán is féidir a Chraoladh.
2. Tá sé le cur ar fáil ar DigiBéite ionas gur féidir an fráma deiridh neamónach RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona a chur leis go himmheánach in RTÉ
3. Bain úsáid as an 20 soicind chun an oiread eolais agus is féidir a chur ar fáil maidir le d'imeacht – an dáta, an t-am, láithreán gréasáin, etc.
4. Cé go gcuirfear fráma deiridh agus neamónach RTÉ STA le do réamhfhógra laistigh de RTÉ i ndiaidh é a chur isteach, ní mór duit am a thabhairt ina leith i d'uainiú léirithe (tabhair am do 3' ag deireadh do réamhfhógra chun na críche sin)
5. Maidir le ceist ar bith faoi do réamhfhógra, agus chun sceidil seachadta agus craolta a shocrú, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le joanne.cunningham@rte.ie nó rachel.conway@rte.ie

Tagairt don Phríomhurrathóir: Sa chás go bhfaightear tacaíocht ón gComhairle Ealaíon nó ó aon príomh-mhaoinitheoir eile do d'imeacht, éilimid go ndéanfaí tagairt dóibh ó bhéal i do réamhfhógra trí úsáid a bhaint as an bhfrása “Arna Maoiniú ag an gComhairle Ealaíon/eile”. Tá an tagairt seo le cur isteach roimh an stoing RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona.

Do Bholscaireacht Raidió

Riachtanais léirithe

1. Ba chóir go dtabharfaí do réamhfhógra RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona chun deiridh leis an neamónach cuí RTÉ STA. Má tá do réamhfhógra á fhorbairt go neamhspleách, is ar do phearsanra léirithe atá freagracht as an neamónach RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona a chur isteach. Tá sé ar fáil le híoslódáil ónár láithreán gréasáin rte.ie/about/supportingthearts.
2. Má tá do réamhfhógra á fhorbairt laistigh de RTÉ, cuirfear an neamónach leis go himmheánach.
3. Maidir le ceisteanna faoi do réamhfhógra, agus chun sceidil seachadta agus craolta a shocrú, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le carol.debuitteir@rte.ie

Tagairt don Phríomhurrathóir: Sa chás go bhfaightear tacaíocht ón gComhairle Ealaíon nó ó aon príomh-mhaoinitheoir eile do d'imeacht, éilimid go ndéanfaí tagairt dóibh ó bhéal i do réamhfhógra trí úsáid a bhaint as an bhfrása “Arna Maoiniú ag an gComhairle Ealaíon/eile”. Tá an tagairt seo le cur isteach roimh an stoing RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona.

Téarmaí agus Coinníollacha an Iarratais

1. Ba chóir an fhoirm iarratais a chomhlánú agus a chur ar ais chuig supportingthearts@rte.ie, 8 seachtaine roimh an imeacht ar a laghad agus tráth nach luaithe ná 6 mhí roimh an imeacht. Cuirfear dearbhú ar fáil go bhfuarthas an t-iarratas.
2. Ba chóir go dtabharfaí sonraí iomlána ar an imeacht sna hiarratais mar aon le rogha a thabhairt maidir leis an gcineál tacaíochta atá á iarraidh. Má bhíonn soiléiriú ag teastáil, d'fhéadfadh RTÉ tuilleadh faisnéise a iarraidh a chuirfear leis an iarratas bunaidh. Ní chuirfidh an t-iarraidh seo in éadan an toraidh.
3. Iarrtar ar iarratasóirí tacaíocht ar bith eile a fuarthas nó a moladh a dhearbhu, bíodh sin roimh nó i ndiaidh an t-iarratas a dhéanamh, laistigh de RTÉ, i bhfoirm inneachar eagarthóireachta nó comhpháirtíochta, nó lasmuigh de RTÉ, i bhfoirm margáí comhaontaithe urraíochta nó maoinithe, tacaíocht fógraíochta, comhpháirtíochtaí agus mar sin de. Ní gá go gcuirfí cosc ar iarratasóirí ó Ag Tacú leis na hEalaíona mar gheall ar thacaíocht ó thríú páirtithe ach beidh baint ag a leithéid lena n-iarratas nó le tacaíocht ar bith a chomhaontaítear.

Táirgí Insoláthartha i leith Brandáil

Neamónach RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona

1. Tá cluasneamónach agus grafaic físe ag RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona atá le húsáid ar Raidió agus Teilifís de réir mar is cuí. Ba chóir go mbeadh an neamónach nó an ghrafaic ina feiste dheiridh sa chóip raidió agus Teilifíse.
2. Cuirfear urraitheoirí teidil san áireamh laistigh den tagairt teidil.

An Branda RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona

3. Éilíonn RTÉ gur chóir go mbeadh an Lógó RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona mar chuid d'ábhar bolscaireachta clóite ar bith a mholtar d'imeacht a bhfuil tacaíocht STA á fáil ina leith.
4. Mar riail ghinearálta, éilíonn RTÉ go n-úsáidfí an lógó daite má bhíonn na lógónna eile daite. Maidir le cóip dubh agus bán, ba chóir an lógó dubh, bán nó liath RTÉ STA a úsáid agus ba chóir go mbeadh sé ag teacht leis an leagan amach ar an leathanach.
5. I ngach cás, iarann RTÉ cóip réamhbhreathnaithe d'ábhar ar bith ina mbeidh lógó RTÉ STA agus coimeádann RTÉ STA an ceart aici féin moladh a thabhairt maidir le suíomh an lógó sna hábhair sula ndéantar iad a chur i gcló agus a scaipeadh.

6. Mar sin, iarrann RTÉ go gcuirfí na hábhair ar aghaidh lena gceadú 10 lá ar a laghad sula ndéantar iad a chur i gcló.

RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona - Láithreachtaí ag Imeachtaí

1. Maidir le himeachtaí móra nó imeachtaí ilionaid, d'fhéadfadh RTÉ STA agus eagraithe imeachta rogha a dhéanamh oibriú i gcomhar nó éascaíocht a dhéanamh ar láithreachtaí ar an talamh.
2. D'fhéadfadh láithreachtaí RTÉ ag imeachtaí dá leithéid a bheith i riocht preabmheirge, deasc RTÉ agus/nó ábhair bhrandáilte eile.
3. I gcás ar bith dá leithéid, oibreoidh RTÉ STA i gcomhar le heagraithe an imeachta lena chinntiú go mbeidh láithreachtaí ag an imeacht ag teacht le héiteas an imeachta agus lena chinntiú go gcomhaontófar láithreachtaí RTÉ STA le heagraithe an imeachta roimh ré agus go mbeidh sé in-chomhaontaithe ag na páirtithe ar fad.
4. Sa chuid is mó de chásanna, is póstaer A2 nó A3 a bheidh i gceist le láithreachtaí RTÉ STA; ní mór iad sin a chur ar taispeáint ag an imeacht, agus trí ghlacadh le tacaíocht RTÉ STA, tugtar le fios go nglactar leis sin agus le táirgí insólathartha eile.

Bróisiúir, Cláir agus Ábhar Clóite eile

1. Mar fhaighteoir tacaíochta, ba chóir branda STA a thaispeáint ar **gach ábhar clóite** a dhéantar chun tacú le d'imeacht. Áirítear leis sin, cuirí, bróisiúir, cláir, fógraí, cártaí, iatáin nuachtáin agus a leithéid. Iarrtar go seolfaí na hábhair sin go díreach chuig ceire.duggan@rte.ie chun iad a aontú sula gcuirtear i gcló iad. Tá sraith lógónna RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona ar fáil le híoslódáil ag rte.ie/about/supportingthearts
2. Má tá clár nó bróisiúir le dul le d'imeacht, ba chóir go mbeadh an fógra clóite RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona iontu. Cuirfear fógra clóite den mhéid oiriúnach ar fáil duit i ndiaidh na toisí don fhógra a fháil.
3. Seolfar fardal faoi leith RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona duit i riocht **póstaer agus cártaí poist**. Ní mór na póstaer agus cártaí poist sin a chur ar taispeáint nó a scaipeadh ag an imeacht agus d'fhéadfaí fianaise a iarraidh maidir le hiad a chur ar taispeáint.

Póstaeir agus Cártaí Poist RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona

1. Éilíonn RTÉ, a mhéid is indéanta, go ndéanfaí líon póstaer agus cártaí poist a bhaineann go sonrach le STA (féach thuas) a chur ar taispeáint agus a scaipeadh san ionad. Déanfar an líon póstaer atá le húsáid a mheas ar bhonn cás ar chás, agus méid agus cineál an ionaid á dtabhairt san áireamh. Is é RTÉ a chuirfidh na hábhair ar fáil.
2. Déanfaidh RTÉ socrú chun na póstaer agus na cártaí poist a sheoladh chuig eagraithe an imeachta 10 lá ar a laghad sula gcuirtear tús leis an imeacht. Ní éilítear go seolfaí na póstaer ar ais ach má bhíonn bail in-athúsáidte ar na póstaer, iarrtar iad a stóráil le go bhféadfaí iad a úsáid an athuair ag imeachtaí amach anseo.
3. Chuirfeadh RTÉ fáilte roimh fhianaise maidir leis an ábhar sin a chur ar taispeáint; is féidir grianghraif a úsáid ar fud chainéil ar líne agus meán sóisialta RTÉ chun tacú leis an imeacht agus chun RTÉ STA a chur chun cinn.

Láithreáin/ fóraim Meán Sóisialta RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona

1. Iarrann RTÉ, i gcás ina gcruthaítear láithreán gréasáin/leathanach d'fhonn imeacht an iarratasóra a chur chun cinn go sonrach, go ndéanfaí ionadaíocht chothrom ar RTÉ mar urraitheoir ar an láithreán gréasáin sin.
2. I gcás ina n-úsáidtear fóraim meán sóisialta (e.g. Facebook, Twitter, Youtube etc) d'fhonn an t-imeacht a chur chun cinn go sonrach, iarrann RTÉ go n-úsáidfí an haischlib #rtesupportingthearts faoi rogha lucht eagraithe an imeachta agus go ndéanfaí idirghníomhú le cuntas Twitter @rte i ndáil leis an imeacht.
3. Coimeádann RTÉ an ceart aici féin maidir le branda RTÉ STA a bheith á chur ar láithreáin ghréasáin, nó ar aon fhóram meán sóisialta lena mbaineann a réamhcheadú sula gcuirtear é i bhfeidhm.
4. Maidir le d'imeacht a chur chun cinn, iarrtar ort dul i dteagmháil leis an gcuntas twitter @rte trí úsáid a bhaint as an haischlib #rtesupportingthearts. Déanfar tvúiteanna cuí ina n-úsáidtear an haischlib seo a atvuíteáil ó @rte, chuig ár 30K leantóir. Tabharfar tús áite do ghearrthóga fise agus íomhánna ina léirítear an lógó Ag Tacú leis na hEalaíona agus is iadsan is minice a dhéanfar a atvuíteáil.

Gnéithe Closamhairc ag Imeachtaí

1. I gcás inarb indéanta, d'fhéadfadh RTÉ STA ábhar bolscaireachta closamhairc a chur ar fáil lena úsáid ar chórais Tannoy nó i gcás ina n-úsáidfear scáileáin ag an imeacht.
2. Is í RTÉ a íocfaidh an costas a bhaineann leis an ábhar sin a scaipeadh agus déanfaidh sí socrú maidir leis an ábhar a fháil ar ais, más gá.

